



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Ciste Rialtais Áitiúil

Cuntas 2017

Ullmhaithe ag An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

tithocht.gov.ie

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais..... 1-2

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta..... 3-4

Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas..... 5

Ráiteas ar an Staid Airgeadais..... 6

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid..... 7

Nótaí leis an gCuntas..... 8-17

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste..... 18-19

Cuntas an Chiste Rialtais Áitiúil 2017

Ráiteas an Oifigeach Chuntasaíochta maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach

Freagracht maidir le Córas um Rialú Airgeadais Inmheánach

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn. Tugaim faoin bhfreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras um rialú airgeadais inmheánach ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéantar iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú airgeadais inmheánach a chothabháil, agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is é seo a leanas an seasamh i ndáil leis an timpeallacht um rialú airgeadais, le creat na nósanna imeachta riaracháin, agus le tuairisciú agus iniúchadh inmheánach a bhainistiú:

An Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Deimhnímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfaightear na nithe seo a leanas mar chuid de:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais;
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhú ceartaitheach a chinntiú;
- is ann do Choiste Iniúcháireachta chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú airgeadais inmheánach.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe

Deimhnímse go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach (ar lean)

- córas buiséadaithe cuí agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearach;
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán;
- córas bainistíochta riosca á fheidhmiú laistigh den Roinn;
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.


Rioscaí suntasacha airgeadais

Féachann an Roinn go leanúnach do rioscaí suntasacha airgeadais agus rioscaí suntasacha eile a bhaineann le gnó i dtaca leis an gciste trí Chlár Rioscaí na Roinne. Níl rioscaí suntasacha airgeadais ná rioscaí suntasacha ar bith eile a bhaineann le gnó ann i dtaca leis an gciste trí Chlár Rioscaí na Roinne. Doiciméad beo is ea an Clár agus nuashonraítear é chun rioscaí úra a sainiú nó athruithe ar na rioscaí reatha a chur san áireamh.

Iniúchadh Inmheánach


Deimhnímse go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairte ceadaithe i scríbhinn. Múnlaítear saothar na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne, agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Táimse sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha ar bun chun a áirithiú go ndéanfar tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh a fhiosrú.

Sínithe



John McCarthy
An tArd-Rúnaí

Dáta



Cuntas an Chiste Rialtais Áitiúil 2017 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

1. Bunús na gCuntas

Bunaíodh an Ciste Rialtais Áitiúil (LGF) leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1998 le héifeacht ó 1 Eanáir 1999. Is é an tAire Airgeadais a íocann isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil fáltais ó mhótarcháin (lúide aisíocaíochtaí) agus suim arb ionann í leis an gCáin Mhaoine Áitiúil (lena n-áirítear aon ús arna íoc ina taobh) a íocadh isteach sa Phríomhchiste i rith na bliana de réir Alt 157 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012.

Cuimsítear san LGF dhá chuntas bainc agus cuntas infheistíochta ar a ndéanann an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil bainistiú agus rialú. Is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais, Áitiúil a bhainistíonn an LGF, agus is chun Vóta 34 a gheartar na costais riaracháin chomhbhainteacha.

Ullmhaíodh na cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 i bhfoirm agus ar mhodh atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta agus Rialtais Áitiúil. Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn fabhráithe de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

2. Beartas Maoinithe

Maoinítear an LGF trí fháltais a thaisctear i gcuntas bainc na bhfáltas (Cuntas Uimh. 1) ag údaráis áitiúla, ag an Aire Airgeadais agus ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Aistrítear iarmhéid an chuntais bhainc sin go huathoibríoch chuig an gcuntas infheistíochta gach lá. Eisíoctar suimeanna iníochta as an LGF as cuntas bainc na suimeanna iníochta (Cuntas uimh. 2) Aistrítear na suimeanna chuig cuntas bainc na suimeanna iníochta ón gcuntas infheistíochta sula ndéantar na híocaíochtaí a íoc leis na híocaithe ábhartha.

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

3. Ioncam

Aithnítear ioncam chuig an gciste mar seo a leanas:

- is ionann ioncam ó mhótarcháin agus suimeanna arna mbailiú ag na hÚdaráis Mhótarchánach agus atá dlite don Chiste, faoi réir Alt 5(2) den Acht Rialtais Áitiúil 1998:
- Cáin Mhaoine Áitiúil (LPT); íocfaidh an tAire Airgeadais suim arb ionann í leis an gcáin mhaoine áitiúil isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil (lena n-áirítear aon ús a íocfar uirthi) arna híoc isteach sa Phríomhchiste i rith na bliana sin;
- aithnítear maoiniú státchiste ó Vóta 34, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar bhonn fáltais airgid.

4. Caiteachas

Déantar caiteachas as an gCiste i gcomhréir le halt 6 den Acht Rialtais Áitiúil 1998 agus leis na leasuithe ina dhiaidh sin ar an Acht mar a léirítear thíos:


- caiteachas arna cheadú ag an Aire;
- leithdháiltí LPT a mheastar a bheidh dlite do na húdaráis áitiúla sa bhliain 2017;
- forchúitimh atá dlite don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, (an tAcht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre), 2007 agus an tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011);
- forchúiteamh caiteachais ar scéimeanna ceadaithe maidir le Grúpscéimeanna Uisce;
- íocaíocht leis an Státchiste faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2017;
- íocaíochtaí le hUisce Éireann agus forchúiteamh iasachtaí caipitil a rinneadh chuig na húdaráis áitiúla i leith seirbhísí uisce (an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014).

An Ciste Rialtais Áitiúil Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

		<u>2017</u>	<u>2016</u>
<u>Ioncam</u>	Nótaí	€	€
Ioncam ó Mhótarcháin	1	1,019,909,033	1,049,954,112
Cáin Mhaoine Áitiúil	2	476,525,000	463,398,000
Maoiniú Státciste (Vóta 34, Fothideal C.3)	3	365,300,000	396,555,000
Ioncam Iomlán		<u>1,861,734,033</u>	<u>1,909,907,112</u>
<u>Caiteachas</u>			
<u>Údaráis Áitiúla</u>			
Leithdháiltí ón gCáin Mhaoine Áitiúil	4	500,767,650	453,264,953
Bonneagar Uisce	5	46,566,814	46,022,371
Pá agus Pinsin	6	20,343,015	25,380,333
Seirbhísí Uisce	7	17,983,724	17,600,339
Forchúiteamh Iasachtaí Caipitiúla i leith Seirbhísí Uisce	8	16,518,243	18,282,474
Costais ghlantacháin drochaimsire (Tuilte)	9	9,002,166	9,610,695
Líonra Rannpháirtíochta Poiblí	10	1,469,942	1,294,794
Éire Chruthaitheach	11	999,855	-
Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil do Chásanna Éigeandála	12	610,765	332,268
Bearta um Chuimsiú Sóisialta	13	513,768	527,680
Tionscnaimh um Fhorbairt Eacnamaíoch	14	300,000	-
Maoiniú eile chuig Údaráis Áitiúla	15	90,701	108,661
Luachálacha Uileghabhálacha ar Chúiteamh Fóntas		-	16,650,000
Clár Comórtha Céad Bliain		-	999,998
		<u>615,166,643</u>	<u>590,074,566</u>
<u>An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt</u>			
Bóithre agus Bonneagar Seirbhíse Poiblí	16	333,000,000	348,743,000
Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Cheadúnas Tiomána agus Feithiclí	17	12,500,000	12,500,000
		<u>345,500,000</u>	<u>361,243,000</u>
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil			
Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil	18	2,191,634	3,835,350
Riaradh an Mhuirir Theaghlaigh	19	104,381	88,152
Gréasán Oifigeach Rochtana	20	5,000	5,000
		<u>2,301,015</u>	<u>3,928,502</u>
<u>Eile</u>			
Fóirdheontas d'Uisce Éireann	21	638,730,000	652,100,000
Státciste	22	230,000,000	317,900,000
Coiste na Réigiún (An tAonad Gnóthaí AE)	23	229,008	197,977
Míreanna ilghnéitheacha	24	425,562	368,039
		<u>869,384,570</u>	<u>970,566,016</u>
Caiteachas Iomlán		<u>1,832,352,228</u>	<u>1,925,812,084</u>
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		<u>29,381,805</u>	<u>(15,904,972)</u>

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 3 & 4 agus na Nótaí 1 go dtí 27.


Sínithe



John McCarthy

An tArd-Rúnaí

Dáta



Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail 31 Nollaig 2017


		<u>2017</u>	<u>2016</u>
	<u>Nótaí</u>	€	€
<u>Sócmhainní Airgeadais</u>			
An Cuntas Infheistíochta		77,698,903	44,959,516
<u>Sócmhainní Reatha</u>			
Banc		2,294,130	3,742,632
Mótarcháin atá dlite	25	4,043,586	5,499,460
Cáin Mhaoine Áitiúil atá dlite	26	12,179,000	16,094,000
		<u>96,215,619</u>	<u>70,295,608</u>
<u>Dliteanais Reatha</u>			
Creidiúnaithe Éagsúla	27	1,073,252	4,535,046
Glan-Sócmhainní		<u>95,142,367</u>	<u>65,760,562</u>
Arna léiriú ag			
Cúlchistí amhail 1 Eanáir		65,760,562	81,665,534
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		29,381,805	(15,904,972)
Cúlchistí amhail 31 Nollaig		<u>95,142,367</u>	<u>65,760,562</u>

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 3 & 4 agus na Nótaí 1 go dtí 27.

Sínithe


 John McCarthy
 An tArd-Rúnaí

Dáta



Ráiteas ar Shreabhadh Airgid amhail an 31 Nollaig 2017

	<u>2017</u>	<u>2016</u>
	€	€
<u>Réiteach ar bharrachas/ (easnamh) chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</u>		
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain	29,381,805	(15,904,972)
Laghdú ar Fhéichiúnaithe	5,370,874	504,807
(Laghdú)/Méadú i gCreidiúnaithe	(3,461,794)	2,216,058
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>31,290,885</u>	<u>(13,184,107)</u>

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>31,290,885</u>	<u>(13,184,107)</u>
Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim	<u>31,290,885</u>	<u>(13,184,107)</u>

Réiteach na nglan-sreafaí airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí**Athruithe ar Ghlan-chistí ó Shreabhadh Airgid**

Glan-chistí ag tús na Bliana	48,702,148	61,886,255
Glan-chistí ag deireadh na Bliana	<u>79,993,033</u>	<u>48,702,148</u>
Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim sa Bhliain	<u>31,290,885</u>	<u>(13,184,107)</u>

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 3 & 4 agus na Nótaí 1 go dtí 27.

Sínithe  Dáta 

John McCarthy
An tArd-Rúnaí

Nótaí leis an gCuntas

1. Ioncam ó Mhótarcháin

Léirítear san fhiigiúr seo cáin ar mhótarfheithiclí, agus táillí agus dleachtanna ilghnéitheacha a bhailigh Údaráis Mhótarchánach agus lamháltas déanta acu d'aisíocaíochtaí.

	2017	2016
	€	€
Ollioncam	1,021,294,559	1,051,374,831
Lúide aisíocaíochtaí	(1,385,526)	(1,420,719)
Glanioncam	<u>1,019,909,033</u>	<u>1,049,954,112</u>

2. Cáin Mhaoine Áitiúil

Léirítear san fhiigiúr seo fáltas a íocadh isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil ón Stáitchiste, arb ionann é agus méid na Cánach Maoine Áitiúla (lena n-áirítear aon ús arna íoc uirthi sin) arna híoc isteach sa Phríomh-Chiste i rith na bliana 2017 i gcomhréir le hAlt 157 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012.

3. Maoiniú Stáitchiste (Vóta 34, Fotheideal C.3)

Léirítear san fhiigiúr seo an t-airgead a chuir an tOireachtas ar fáil de réir Alt 4 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú ag Alt 17 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009. Is é an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a chinneann an tsuim gach bliain, le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

4. Leithdháiltí ón gCáin Mhaoine Áitiúil

Léirítear san fhiigiúr seo íocaíochtaí a rinneadh le húdaráis áitiúla maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2017 de réir Chinneadh an Rialtais an Cháin Mhaoine Áitiúil (LPT) a choinneáil go háitiúil. Bhí na leithdháiltí bunaithe ar ioncam réamh-mheasta LPT 2017 agus cuireadh san áireamh freisin na cinntí a rinne 8 gcomhairle na rátaí LPT ina gceantair féin faoi seach a athrú. Lena chois sin, rinneadh coigeartú suas ar bhonnlínte LPT gach údaráis áitiúil sa bhliain 2017, chun méid arbh ionann le hioncam na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsean (PRD) a bhí coinnithe roimhe seo ag údaráis áitiúla sa bhliain 2014 san áireamh. Ón mbliain 2017 i leith, ní choinníonn údaráis áitiúla PRD go háitiúil níos mó, rud a aisiompaíonn an cur chuige roimhe sin. Is é sin socrú riaracháin a ceapadh chun éifeachtaí an ioncaim laghdaithe PRD a bheith á choinneáil ag na húdaráis áitiúla ón mbliain 2016 a chealú. Tá na léithdháiltí LPT chuig údaráis áitiúla aonair don bhliain 2017 agus tionchar bainteach cinntí athraithe áitiúla ar bith foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

5. Bonneagar Uisce

Luaitear in Alt 12 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2014 nach bhfuil maoin seirbhísí uisce poiblí inráitithe chun críocha an Achta Luachála 2001. Cuireadh maoiniú €46.57m ar fáil sa bhliain 2017 (€46.02m sa bhliain 2016) mar chúiteamh do na húdaráis áitiúla as an easnamh faoi seach ina mbuiséid mar gheall ar an bhforáil sin sa reachtaíocht.

6. Pá agus Pinsin

Léirítear san fhigiúr sin íocaíocht le húdaráis áitiúla chun cuidiú leis na costais bhreise sa bhliain 2017 a bhain le foirceannadh na reachtaíochta maidir le Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) a íoc. Is í an aidhm fhoriomlán leis an gcúiteamh sin an t-ualach a mhaolú, faoi réir srianta maoinithe, maidir le méaduithe ar rátaí pá don fhoireann reatha agus athruithe ar rátaí Laghdú Pinsean na hEarnála Poiblí ó dheireadh na bliana 2015 i leith mar iarmhairt dhíreach ar fhoirceannadh FEMPI.

Íocadh €16.7 milliún le húdaráis áitiúla den mhaoiniú a bhí ar fáil sa bhliain 2017 chun cuidiú leis an méadú ar chostais phá a tabhaíodh mar iarmhairt ar Chomhaontuithe Pá Náisiúnta a chur chun feidhme agus mar an gcéanna €3.6 milliún chun costais mhéadaithe na bpinsin maoinithe sa bhliain 2017 mar iarmhairt dhíreach ar fhoirceannadh FEMPI a chúiteamh.

7. Seirbhísí Uisce

Léirítear san fhigiúr sin forchúiteamh caiteachais a rinne údaráis áitiúla maidir leis na grúpscéimeanna uisce don scéim fóirdheontais a íocadh i leith na gcostas oibriúcháin a bhain le huisce a sholáthar le haghaidh úsáide teaghlaigh. Cuimsíonn sé freisin cúnaimh airgeadais a cuireadh ar fáil d'íoc na gcostas a thabhaigh na húdaráis áitiúla maidir le riarachán an Chláir Uisce Tuaithe chineachta. B'ionann costas na nGrúpscéimeanna Uisce sa bhliain 2017 agus €17.98m (€17.6m sa bhliain 2016).

8. Forchúiteamh Iasachtaí Caipitiúla i leith Seirbhísí Uisce

Chinn an Rialtas i mí na Bealtaine 2014 nach n-aistreofaí iasachtaí áirithe a bhain le huisce a bhí i seilbh na n-údarás áitiúil chuig Uisce Éireann. Bhí an tsuim a forchúitíodh i ndáil leis na hiasachtaí seo chuig údaráis áitiúla sa bhliain 2017 de €16.52m (€18.28m sa bhliain 2016) bunaithe ar thuairisceáin a fuarthas ó gach údarás áitiúil inar léiríodh gach iasacht caipitil a bhain le huisce tráchtála (i.e. gan iasachtaí HFA san áireamh), agus an íocaíocht príomhshuime agus úis a bhaineann leis sa bhliain.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

9. Costais Ghlantacháin Drochaimsire (Tuilte)

Sholáthair an Roinn maoiniú chun cuidiú leis na húdaráis áitiúla íoc as na costais eisceachtúla a bhain leis an bhfreagairt ar an nglanadh i ndiaidh drochaimsire sa bhliain 2017. Soláthraíodh €1.73 milliún i ndiaidh tuile in Inis Eoghain, Co. Dhún na nGall, €0.245 milliún i ndiaidh tuile i Móinteach Mílic, Co. Laoise agus €7.028 milliún i ndiaidh iar-Hairicín Ophelia.

10. Líonra Rannpháirtíochta Poiblí

Bhí foráil san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 le haghaidh an bhoinn reachtúil a thug éifeacht don Chreat um Rannpháirtíocht Phoiblí agus Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (PPNanna), agus lenar leagadh amach na meicníochtaí faoina spreagar agus faoina dtacaítear le saoránaigh agus le pobail a bheith rannphárteach i bpróisis chinnteoireachta an údaráis áitiúil.

Tá PPNanna bunaithe anois i ngach limistéar údarás áitiúil. Sa chás ina gcuirtear ionadaíocht phobail ar fáil ar choistí iomchuí den údarás áitiúil, amhail na Coistí Beartais Straitéisigh, na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla, etc., ní mór é sin a fháil tríd an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.

Sa bhliain 2017, cuireadh maoiniú suas le €1.47 milliún ar fáil do PPNanna. Chuir an Roinn maoiniú suas le €50,000 ar fáil do gach PPN, ar an gcoinníoll go gcuirfeadh an t-údarás áitiúil €30,000 eile leis an maoiniú sin. Cuireadh an maoiniú sin ar fáil chun cuidiú le húdaráis áitiúla na struchtúir nua sin a chur i bhfeidhm go hiomlán agus chun oibrí acmhainní a fhostú i ngach limistéar údarás áitiúil chun tacú le rúnaíocht PPN agus chun gníomhaíochtaí, oiliúint etc, a chur ar fáil.

Aistríodh an fhreagracht as PPNanna chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail le héifeacht ó 27 Iúil 2017 (I.R. Uimh. 357 de 2017).

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

11. Éire Chruthaitheach

Tionscnamh uile-Rialtais cúig bliana is ea Éire Chruthaitheach, idir na blianta 2017 agus 2022, chun cruthaitheacht a chur ag croílár beartais phoiblí. Clár bunaithe ar chultúr atá ann a dearadh chun folláine an duine aonair, folláine an phobail agus an fholláine náisiúnta a chur chun cinn. Is í an phríomhthairiscint go spreagann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha an chruthaitheacht phearsanta agus choiteann, a mbaineann impleachtaí suntasacha leis do dhaoine aonair agus d'fholláine agus do ghnóthú na sochaí. Tá cúig cholún sa chlár:

1. Páistí agus an Óige - Cumas Cruthaitheach Gach Páiste a Chumasú
2. Pobail Cruthaitheacha - An Chruthaitheacht i nGach Pobal a Chumasú
3. Infheistíocht Chultúrtha - Infheistiú inár mBonneagar Cruthaitheach agus Cultúrtha
4. Tionscail Chruthaitheacha - Éire mar Ionad Barr Feabhais na Cruthaitheachta
5. Cáil ar fud an Domhain - Náisiún Cruthaitheach agus Cultúrtha

Cuireadh díreach faoi €1 milliún ar fáil ón gciste i dtreo cholún a dó chun tacú le rannpháirtíocht laistigh de phobail áitiúla trí údaráis áitiúla le Pleananna Gníomhaíochta Cultúir agus Cruthaitheachta agus chun feasacht ar Chlár Éire Chruthaitheach a chruthú. Iarradh ar údaráis áitiúla na torthaí seo a leanas a sheachadadh:

- rannpháirtíocht pobal áitiúil a éascú ina bPlean Gníomhaíochta Cultúir agus Cruthaitheachta an oireadh agus ab fhéidir;
- tacú le himeachtaí/tionscadail chultúrtha áitiúla éagsúla;
- a chinntiú go mbeidh na himeachtaí/tionscadail ar fud uilechuimsitheach, cuí, urramach agus go nglacfaidh daoine ó gach aois agus cúlra páirt iontu;
- a chinntiú go mbeidh na himeachtaí/tionscadail ar fud indéanta agus gur féidir iad a chur i gcrích go rathúil laistigh den achar ama; agus
- a chinntiú go bhfuil na himeachtaí/tionscadail ar fud ina luach ar airgead agus go mbainfear úsáid éifeachtach as an maoiniú go léir agus i gcomhréir le cuspóirí na himeachta/an tionscadail féin.

Ba faoi gach údarás áitiúil cinneadh a dhéanamh faoi rogha na n-imeachtaí/tionscadal amhail ealaín do pháistí, cartlanna digiteacha a chruthú de ghrianghraif áitiúla agus tacú le damhsa traidisiúnta agus ranganna Gaeilge i gcomhar maoiniú faoi Chlár Éire Chruthaitheach, agus iad a dhéanamh i gcomhréir le critéir réamhshocraithe roghnaithe, a dearadh chun an leas is fearr a bhaint as an maoiniú a bhí ar fáil.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

12. Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil do Chásanna Éigeandála

Léirítear sa chaiteachas sin;

- An costas a bhaineann le daoine ó na húdaráis áitiúla bheith ar iasacht leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dhóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála chun oibriú ar thograí a bhfuil tús áite faighte acu. Is bealach lárnach atá éifeachtúil ó thaobh costais í an tsamhail chomhoibrithe sin chun an t-eolas agus an taithí atá ag cleachtóirí san earnáil údarás áitiúil a chothú ar mhaithe le beartais a chur i bhfeidhm. Feictear gur rud riachtanach agus iomchuí é an socrú sin a leathnú ionas go mbeidh lucht pearsanra sheirbhís dóiteáin na n-údarás áitiúil i gceannas ar chéim chur chun feidhme tograí móra tábhachtacha.
- Maoiniú cur chun feidhme inniúlachtaí Ollstórála Sonraí i measc Údarás Dóiteáin chun éascú do bhainistíocht chomhsheasmhach doiciméad agus anailís sonraí sna réimsí maidir le Bainistíocht Móréigeandála agus Tionscadal Ctrí (Ceannas, Rialú agus Cumarsáid na Seirbhíse Dóiteáin).

13. Bearta um Chuimsiú Sóisialta

Léirítear sa chaiteachas sin costais a thabhaigh agus a d'éiligh údaráis áitiúla maidir le haonaid chuimsithe sóisialta a sholáthar agus do bhearta um chuimsiú sóisialta sna húdaráis áitiúla. Tá sí mar aidhm leis na haonaid a chinntiú go mbeidh daoine atá imeallaithe agus daoine bochta níos rannpháirtí sa chinnteoireacht a théann i bhfeidhm ar a saol agus, ina theannta sin, cuimsiú sóisialta agus comhtháthú níos fearr a chur chun cinn i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear daoine faoi mhíbhuntáiste agus i mbaol míbhuntáiste go háirithe.

Aistríodh an fhreagracht as an scéim sin chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail le héifeacht ó 27 Iúil 2017 (I.R. Uimh. 357 de 2017).

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

14. Tionscnaimh um Fhorbairt Eacnamaíoch

I gcomhréir leis na freagrachtaí atá leagtha amach san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 tá údaráis áitiúla ag dul ar aghaidh chun deiseanna d'fheabhas eacnamaíoch laistigh dá limistéar a fhorbairt agus a threisiú. Faoin treochlár sin fuarthas aighneachtaí ó dhá údarás áitiúla, Comhairle Contae Cheatharlach agus Comhairle Contae Chiarraí, agus tograí sonracha i ngach ceann díobh maidir le deiseanna d'fheabhas eacnamaíoch ina limistéir fheidhmiúla i gcomhar leis na páirtithe leasmhara áitiúla éagsúla. Leithdháileadh €150,000 díobh sin ar na húdaráis sin chun tacú lena dtionscnaimh. Bhain na tionscadail le comhoibriú le hinstitiúidí 3ú leibhéal chun ionaid barr feabhais a fhorbairt, moil fiontraíochta pobail a fhorbairt, feabhas a chur ar shráid-dreacha agus pleananna baile a fhorbairt.

15. Maoiniú eile d'Údaráis Áitiúla

Tugtar cúnamh d'údaráis áitiúla chun na costais a bhaineann le tionscadail eile a íoc faoi mar seo a leanas:

	2017	2016
	€	€
Fóram Stiúrtha Uile-Oileán	63,530	52,319
Costais Teorann Rialtais Áitiúil ¹	27,171	31,342
Treoirhionscadal TCI Phobal an Dúin Mhóir	-	25,000
lomlán	<u>90,701</u>	<u>108,661</u>

¹ Cuireadh maoiniú ar fáil freisin d'údaráis neamh-áitiúla amhail an Foras Riaracháin faoin teideal sin sa bhliain 2017 (féach Nóta 24).

16. Bóithre agus Bonneagar Seirbhíse Poiblí

Léiríonn sé seo íocaíochtaí a rinneadh leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ón gCiste chun cabhrú le húdaráis áitiúla costais a íoc a bhain le clár oibreacha i leith bóithre réigiúnacha agus áitiúla (ar tugadh Clár na mBóithre Neamh-Náisiúnta air roimhe seo) agus bonneagar iompair poiblí. Tá cead ag an Aire íocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de bhua an Achta Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007 agus leis an Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

17. Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Cheadúnas Tiomána agus Feithiclí

Léirítear leis seo an tsuim inmhuirir i leith an Chiste maidir le caiteachas a thabhaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar gheall ar Cheadúnú Feithiclí agus Tiománaithe faoi réir Alt 6(2A)(c) den Acht Rialtais Áitiúil 1998, arna leasú ag an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007.

18. Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil

Léirítear leis seo an caiteachas a tabháiódh i ndáil le costas a bhaineann leis an gclár oibre éifeachtúlachta agus athchóirithe sa rialtas áitiúil. Tacaíonn sé le tionscadail ina spreagtar an nuálaíocht agus ina gcuirtear chun cinn éifeachtúlachtaí i bhfeidhmiú agus i seachadadh seirbhísí rialtais áitiúil agus ina dtacaítear le seirbhíse comhroinnte i measc na n-údarás áitiúil a bhunú. Déantar iad sin a sheachadadh trí Oifig Bainistíochta Tionscadal na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

19. Riaradh an Mhuirir Theaghlaigh

Is í an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil a bhainistíonn Ionad Tacaíochta an Mhuirir Theaghlaigh. Tá ceangal dlí ar an Ionad leanúint de sheirbhísí a chur ar fáil i ndáil leis an Muirear Teaghlaigh thar ceann na n-údarás áitiúil. Costais foirne, costais TF, costais bhaincéireachta agus forchostais riaracháin den chuid ba mhó ab ea na costais iomlána maidir le riarachán an Mhuirir Theaghlaigh a thabhaigh an Gníomhaireacht sa bhliain 2017.

20. Gréasán Oifigeach Rochtana

Léirítear leis seo íocaíocht a rinneadh leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil maidir le maoiniú le haghaidh “Gréasán na nOifigeach Rochtana” tiomanta a dhéanann monatóireacht ar obair na n-údarás áitiúil agus a chabhraíonn lena chinntiú go gcomhlíontar an tAcht um Míchumas agus an dea-chleachtas atá ann faoi láthair.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

21. Fóirdheontas Uisce Éireann

Léirítear sa chaiteachas sin fóirdheontas i leith chostais leanúnacha Uisce Éireann a bhain le feidhmiú fónas nua chun spriocanna Phlean Gnó Uisce Éireann 2014-2021 a bhaint amach. Cuimsítear an maoiniú a soláthraíodh ón LGC sa bhliain 2017 íocaíochtaí fóirdheontais de €638.73 milliún (€652.1 milliún sa bhliain 2016). Leithdháileadh suim bhreise €125 milliún sa bhliain 2017, a bhain le hioncam athsholáthair nuair a cuireadh na muirir uisce baile ar fionraí, ar aon dul le Cinneadh ón Rialtas an 18 Deireadh Fómhair 2016, ar íocadh €124.73 milliún de. Bhain an méid nár éileamh le bailiú ní b'airde ná mar a bhíodhas ag súil leis d'íocaíochtaí custaiméirí baile a fuair Uisce Éireann i ndiaidh na muirir a chur ar fionraí.

22. Státchiste

De réir Alt 6 den Acht Rialtais Áitiúil 1998, arna leasú le hAlt 58 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2017, íocadh suim €230 milliún (€317.9 milliún sa bhliain 2016) leis an Státchiste ar iarratas ón Aire Airgeadais. Aisíocaíodh an íocaíocht leis an Státchiste chun athruithe ar an tsamhail mhaoinithe a thabhairt san áireamh mar thoradh ar thabhairt isteach an LPT agus chun a chinntiú go bhfuil ranníocaíocht chuí á déanamh leis an Státchiste ó fháltais mhótarchánach.

23. Coiste Eorpach na Réigiún (An tAonad Gnóthaí AE)

Cuireadh maoiniú €0.23 milliún ar fáil sa bhliain 2017 (€0.20 milliún sa bhliain 2016) chun freastal ar Thoscaireacht na hÉireann ar Choiste Eorpach na Réigiún (CeR). Bunaíodh an struchtúr tionóil trí réigiún faoi athchóirithe rialtais áitiúil a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2016 agus bunaíodh an tAonad Gnóthaí AE atá lonnaithe i dTionól Réigiúnach an Oirthir agus na Lár Tíre a riarann an maoiniú do thoscaireacht na hÉireann anois. Tá oifigí agus foireann ag an Aonad Gnóthaí AE i mBaile Átha Cliath agus sa Bhruiséil agus tacaíonn sé le toscaireacht na hÉireann le leasanna rialtais áitiúil agus réigiúnaigh ar an CeR. Is tionól AE an CeR a bunaíodh faoi chonradh agus a bhfuil feidhmeanna faoi leith aige laistigh de struchtúir reachtacha níos forleithne an AE, agus tá sé comhdhéanta de thoscáirí as 28 ballstát an AE. Déanann sé ionadaíocht ar an rialtas áitiúil agus réigiúnach i bpróiseas an AE maidir le cinnteoireacht.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

24. Míreanna ilghnéitheacha

Cuirtear maoiniú ar fáil freisin chun cabhrú leis na costais a bhaineann le tionscadail eile mar seo a leanas a íoc:

	2017	2016
	€	€
Seirbhísí Dóiteáin	148,168	148,168
Costais Teorann Rialtais Áitiúil ¹	115,445	71,024
An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta	86,949	83,847
Tionscnaimh Chomhpháirtíochta Áitiúla	<u>75,000</u>	<u>65,000</u>
Iomlán	<u>425,562</u>	<u>368,039</u>

¹ Cuireadh maoiniú ar fáil freisin do na húdarais áitiúla faoin teideal seo, féach ar Nóta 15.

25. Mótarcháin atá dlite

Léirítear leis seo glandliteanas na nÚdarás Mótarchánach chuig an gciste maidir le Mótarcháin amhail 31 Nollaig 2017. Tá sé comhdhéanta de:

	2017	2016
	€	€
Airgead mótarchánach faoi bhealach sa chóras baincéireachta ag deireadh na bliana	2,371,135	2,927,477
Mótarcháin atá dlite ag deireadh na bliana	<u>1,672,451</u>	<u>2,571,983</u>
Iomlán	<u>4,043,586</u>	<u>5,499,460</u>

26. Cáin Mhaoine Áitiúil atá dlite

Gach bliain airgeadais, íocfaidh an tAire Airgeadais isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil (LGF) méid a bheidh comhionann leis an gCáin Mhaoine Áitiúil (LPT) (lena n-áireofar ús ar bith a íocfar uirthi sin) arna híoc isteach sa Phríomhchiste an bhliain sin. Léirítear san fhigiúr sin méid atá comhionann leis an méid LPT a bhí fós le híoc leis an LGF ón bPríomhchiste amhail 31 Nollaig 2017.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

27. Creidiúnaithe Éagsúla

Léirítear leis seo dliteanais fhabhraithe mar seo a leanas:

	2017	2016
	€	€
Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil	746,626	498,222
Coiste Eorpach na Réigiún	229,008	197,978
Riaradh an Mhuirir Theaghlaigh	46,870	-
Íocaíocht dlite do na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an mbliain 2017	27,706	27,706
Costais Teorann Rialtais Áitiúil	23,042	50,073
Forchúiteamh Iasachtaí Caipitiúla i leith Seirbhísí Uisce	-	1,892,074
Seirbhísí Uisce	-	1,836,863
An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta	-	32,130
Iomlán	<u>1,073,252</u>	<u>4,535,046</u>



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Ciste Rialtais Áitiúil

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Rialtais Áitiúil arna n-ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi alt 3 den Acht Rialtais Áitiúil 1998. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- na beartais chuntasaíochta
- ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas
- ráiteas ar an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara.

Is í mo thuairimse, go dtugann na ráitis airgeadais léiriú ceart

- ar iarmhéid an Chiste Rialtais Áitiúil amhail le haghaidh na bliana 2017, agus
- ar iarmhéid an Chiste amhail 31 Nollaig 2017.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (CIIanna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn agus chomhlíon mé m'fhreagrachtaí eiteiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidimse gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús le mo thuairim a chur ar fáil.

Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais agus maidir le cúrsaí eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais mar aon le ráitis airgeadais i láthair. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar m'fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar chúrsaí áirithe eile a thuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam air maidir sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
28 Meitheamh 2018

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Tá an Roinn freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, a chinntiú san fhormaid atá sonraithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i gcomhréir le halt 3 den Acht Rialtais Áitiúil 1998 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheangal orm faoi alt 3 den Acht iniúcháireacht a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste Rialtais Áitiúil agus tuairisc a thabhairt maidir leis do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais saor go hiomlán ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaíocht nó ar earráid. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go ndéanfar iniúchadh a chuirtear i gcrích i gcomhréir leis na Cllanna míráiteas ábhartha, más ann dó, a bhrath i gcónaí. Eascraíonn míráitis as calaíocht nó as earráid, agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá mba rud é, ina n-aonar nó le chéile, go mbeifí ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta na n-úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Cllanna, feidhmímse breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí maidir le míráiteas ábhartha na ráiteas airgeadais cibé acu mar gheall ar chalaíocht nó ar earráid a shainaithint agus a mheasúnú; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta ar leor agus ar cuí í chun bunús a chur ar fáil do mo thuairim. Tá an riosca mura mbraítear míráiteas ábhartha a tharlaíonn de dheasca calaíochta níos airde ná ceann a tharlaíonn de dheasca earráide, mar go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aontoil, mífhaisnéis, nó an rialú inmheánach a shárú bheith i gceist le calaíocht.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dheardh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanamh meastóireacht ar chuibhiúlacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáid ar

réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus nochtadh lena mbaineann.

Déanaim cumarsáid leis an Roinn maidir le, i measc nithe eile, raon feidhme agus uainíocht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithin mé le linn m'iniúchta.

Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim cineál ar bith de chonclúid dearbhaithe maidir leis.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheangal orm faoi na Cllanna an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais a cuireadh i láthair a léamh agus, é sin á dhéanamh, a mheas an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis ann neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má tá an chuma ann go ndearnadh é a mhíshonrú go hábhartha. Má chinnimse, ar bhonn na hoibre a rinne mé, go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis sin, tá sé de cheangal orm an fhír sin a thuairisciú.

Cúrsaí eile a thuairisciú

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar chomhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscímse má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tsli ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Lorgaim fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Má thuairiscím má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu. Tuairiscím trí eisceacht chomh maith, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasáíochta na Roinne dóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

tithiocht.gov.ie

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland